

❖ An Lúibín ❖

31 Márta 2008

An Nós is nua

A new magazine in Irish has appeared on the Web – colourful, contemporary, and (in part at least) for adults only.

Tá *An Lúibín* stuama, staidéartha, i leith na léithe fiú, ach ní fhágann sin nach féidir linn taitneamh a bhaint as iris bhlasta spleodrach atá chomh suas chun dáta agus is féidir a bheith. Is í an iris atá i gceist, *nós**. Í le fáil saor in aisce gach mí ag www.nosmag.com.

Tá an t-ábhar éadrom go leor agus oiriúnach don aimsir - cúrsaí an lae, taisteal, scannáin, ceol, spórt agus cúrsaí collaíochta – agus leagan amach thar a bheith greanta air. Mealladh súl ann ar gach slí. Beidh fáilte fhorleathan roimh *nós** ag na sluaite a raibh dúil gan sásamh acu i sult den saghas seo. Is dócha go mbeidh spéis ar leith sa chuntas neamhbhalbh greannmhar a thugann Cailín sa Chathair ar chúrsaí craicinn, ach níl sa mhéid sin ach cuid den scléip. Beidh díomá ar a lán nach bhfuil *nós** le fáil uair sa choicís ar a laghad.

Agus é sin ráite, is léir gur caitheadh dúthracht leis an íris – ar éigean arbh fhéidir rud chomh greanta sin a chruthú gan neart oibre a dhéanamh. Ní hé go bhfuil *nós** gan dáiríreach, ach cuireann sé é féin i láthair le spleodar neamhchoitianta. Gura fada buan é.



Giortú

The latest analysis of figures relating to the Gaeltacht shows that it is less than half the area enclosed by the official boundaries.

Tá sárainilíseoir na Gaeltachta, Donncha Ó hÉallaithe, tar éis an drochscéal a fhógairt: dá gcuirfí teorainn nua leis an nGaeltacht de réir na fianaise is déanaí, ní bheadh inti ach a leath. Ní chuirfidh seo iontas ar mhórán atá eolas éigin acu ar an scéal, agus mura fearr nára measa.

Tá *Staidéar Cuimsithe Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* foilsithe, agus rangú (A, B nó C) déanta ar an 152 toghroinn nó páirt-toghroinn a bhaineann leis an nGaeltacht oifigiúil. Bhí dhá fhoinsé ann: Daonáireamh na bliana 2006 agus na figiúirí a bhain le Scéim Labhairt na Gaeilge sa bhliain 2007 (i.e. an deontas a thugtar do theaghlaigh a thógann a gclann le Gaeilge). Tá stádas Gaeltachta ag brath ar 30% de na daoine atá os cionn trí bliana d’aois a labhairt Gaeilge go laethúil nó ar 10% de na teaghlaigh a bheith i dteideal deontais.

Go fiú de réir an gharthomhais seo níl sa Ghaeltacht anois ach timpeall 41,000 duine, agus gan ach 17,000 duine acu sna ceantair is láidre. Deir Ó hÉallaithe agus roinnt daoine eile gur chóir leagan amach na teorainn nua a fhágáil faoi choimisiún neamhspleách seachas faoi na polaiteoirí, agus gur cheart an obair seo a dhéanamh roinnt mhaith blianta ó shin.



Scoileanna aon teanga

The Australian Government has announced a policy to deal with the general failure of Australian schools to teach languages effectively – a failure echoed throughout the English-speaking world.

Tá teangacha ag dó na geirbe ag Rialtas Cónasctha na hAstráile, agus a laghad sin daltaí á ndéanamh ar scoil. Tá rún ag an Rialtas curaclam náisiúnta teangacha a chur ar bun in ionad na gcuraclam eagsúil atá ag na stáit, le súil is go dtabharfaidh i bhfad níos mó daltaí an dara teanga leo ón scoil dá bharr. Deir an taighde is déanaí go ndiúltaíonn a bhformhór do theangacha eile toisc gur dóigh leo go gcuirfidh an t-ábhar isteach ar a gcuid marcanna nó toisc go ndeir múinteoirí agus tuismitheoirí leo nach mbaineann teangacha leis an saol atá rompu.

Tá inní ar an Rialtas nach mbeidh Astrálaigh óga in ann dul san iomaíocht lena leithéidí thar lear cheal teangacha (cé is moite d'Éireannaigh, de Bhriotanaigh agus de Mheiriceánaigh, is docha, ó tá siad chomh haonteangach linne). Gheall an Rialtas go spreagfaidís múineadh na dteangacha Áiseacha sna scoileanna rialtais agus sna scoileanna neamhspleácha araon. Tá Clár Náisiúnta na gCuraclam i mbun na hoibre anois, agus is fios cad iad na fadhbanna – a laghad ama a chaitear ar theangacha, ceist an éigeantais agus easpa foirne.

Faoi láthair ní dhéanann go fiú leath na ndaltaí staidéar ar theanga eile ar scoil; tréigean a bhformhór sin an dara teanga i mbliain 7, agus fágann 85% acu an scoil le Béarla amháin. Is iomaí bunscoil a chaitheann níos lú ná uair an chloig sa tseachtain ar theangacha a mhúineadh, rud is léir d'aon duine a bhfuil clann óg aige. Má tá cathracha móra na tíre ina nglagaireacht ilteangach is de bharr na hinimirce é, agus ní threisíonn na scoileanna leis an scéal.

Is iad na teangacha is mó a mhúintear i scoileanna na hAstráile Indinéisís, Seapáinis, Fraincis, Gearmáinis agus Iodáilis. Is í an Indinéisís teanga na tíre móire ilchineálaí oileánaí is gaire dúinn (agus is ann atá ceann de na hAmbasáidí is mó againn). Déanaimid neart trádála leis na Seapánaigh, dream atá chomh dona i mbun Béarla is atáimidne i mbun Seapáinise. Tá Fraincis agus Gearmáinis ar na teangacha is suntasaí san Eoraip (agus an Ghearmáinis ag cruinniú nirt ann d'ainneoin an Bhéarla), agus tá an Iodáilis ar na teangacha pobail is forleithne san Astráil. Ar éigean a mhúintear Sínis, cé go bhféadfaí a rá gurb í an teanga is tábhachtaí ar fad í i láthair na huaire. Tá an Rúis féin ag teacht chun cinn arís ach níl trácht ar an Rúis sa rang.

Níl lucht léinn ina dtost i dtaobh na ceiste seo. In alt ar an nuachtán *The Age* (26/3/08) deir an tOllamh Joseph Lo Bianco (Ollscoil Mhelbourne), fear a ndearna sé féin agus a gcomhpháirtithe mórán taighde ar an gceist, deir sé gur iomaí iarracht a rinneadh ar an bhfadhb a fhuascailt agus gur ábhar ar leith iad na teangacha.

Nuair a fhaigheann tú máistreacht ar theanga, téann an chuid is doimhne de chóras cultúrtha i bhfeidhm ort. Is beag ábhar eile nach foláir é a mhúineadh agus a fhoghlaim go carnach chun dul chun cinn a dhéanamh leis, agus dá bhrí sin tá idir fhuaimint agus leanúnachas ag gabháil le teangacha.

Ní gá go mbeadh baint ag cúrsaí míleata, trádála nó slándála – an 'leas náisiúnta' - le rath na dteangacha sna scoileanna, cé gur ar na cúrsaí sin a bhíonn aird oifigiúil de ghnáth, go háirithe agus 'cogadh' á fhearadh ar an sceimhlitheoireacht. I rudaí eile a chuireann na foghlaimeoirí spéis. Dá bhrí sin, is é tuairim an Ollaimh gur fearr ár n-aird a dhíriú ar theangacha a bhfuil múinteoirí le fáil dóibh, a bhfuil éileamh ag na daltaí orthu agus a bhfuil gradam ag roinnt leo.

Fágann seo ceist an éigeantais gan réiteach. Déarfadh Lo Bianco agus a leithéidí gur gá tabhairt ar gach dalta teanga iasachta a fhoghlaim ar feadh dhá bhliain déag ach na háiseanna a bheith ann chuige. Ní dócha, áfach, go n-éireodh leis seo mura mbraithfeadh na daltaí trí

seanteorainneacha stairiúla a chaomhnú de réir mar is cuí léi féin.³ D'éascair an t-achrann atá anois ann as conspóidí reiligiúnda agus polaitiúla i deireadh an 17ú haois agus i dtús an 18ú haois. Sa tréimhse sin a rinne an tSín coimearcas den Tibéid, cé gur choinnigh an tír sin a teanga, a cuid feidhmeannach, a dlíthe agus a harm, agus gan pingin á híoc leis an Impire aici. I rith an 19ú haois lagaigh cibé smacht a bhí ag an tSín ar an Tibéid agus an tSín féin á hionsaí istigh agus amuigh, i dtreo nach raibh sa choimearcas ach rud gan bhrí faoi dheireadh na haoise. I bhfocail Gholdstein:

Nuair a treasraíodh an Riora Qing sa bhliain 1912, fuair na Tibéadaigh caoi ar gach saighdiúir agus feidhmeannach Síneach a ruaigeadh. As sin anuas go dtí an bhliain 1951, bhí an Tibéid ina náisiún neamhspleách ar fad, a rialtas féin i réim agus gan an tSín ná aon tír eile ag cur chuici ná uaihi. Bhí éileamh ag an tSín fós ar an tír, agus chuir an Bhreatain, na Stáit Aontaithe agus na tíortha Iartharacha eile údarás leis an éileamh sin trí gan neamhspleáchas na Tibéide a aithint.

Ghabh an tSín an Tibéid sa bhliain 1951, agus b'éigean do rialtas na Tibéide smacht na Síne a aithint go hoifigiúil, cé nár aithin na Tibéadaigh riamh ina gcroí istigh é. Theith an Dalái Láma go dtí an India, agus ar feadh i bhfad bhí na Síningh ag iarraidh margadh a dhéanamh leis agus é a thabhairt abhaile. D'éirigh an dá thaobh níos dígeanta de réir a chéile: ní raibh na Síningh sásta an daonlathas a cheadú, agus bhí na toscairí Tibéadacha ag iarraidh go mbunófaí Tibéid Mhór a mbeadh na ceantair a cailleadh san 18ú haois mar chuid de. I bhfocail Gholdstein arís:

Chomh maith le hiarracht a dhéanamh ar áitiú ar an Dalái Láma teacht ar ais, bhí beartas nua réitigh ar siúl ag Beijing sa Tibéid, agus dhá phríomhghné ag roinnt leis. Gné eitneach ba ea an chéad cheann – an Réigiún Féinrialaithe Tibéadach (a bunaíodh go hoifigiúil sa bhliain 1965) a dhéanamh níos Tibéadaí i gcoitinne trí fuinneamh nua chur sa dúchas agus sa chreideamh. Rinneadh mainistreacha Búdacha a athoscailt, ceadaíodh manaigh nua a earcú agus an Tibéidis scríofa a úsáid níos forleithne, agus ceapadh mórán feidhmeannach Tibéadach in áit feidhmeannach Síneach. Gné gheilleagrach ba ea an dara ceann – cánacha agus cuótaí a bhí faoi bhun phraghas an mhargaidh a chealú go sealadach chun saol na ngnáthThibéadach a fheabhsú níos luaithe, agus bonneagar a thógáil a chuirfeadh ar chumas na Tibéide dul chun cinn.

Ach chreid mórán feidhmeannach Síneach riamh go dtreiseofaí leis an náisiúnachas Tibéadach agus leis an scarúnachas dá mbogfaí an seanbheartas dian i leith cúrsaí creidimh, agus acu a bhí an lá. Neartaíodh leis an tslándáil agus cuireadh teorainn le bláthú an chultúir agus an chreidimh. Ina theannta sin, cuireadh dlús le dul chun cinn an gheilleagair, rud a chuir na mílte ag plódú isteach ón tSín agus dúil acu i gcuid den airgead a bhí á caitheamh chomh fial sin ag an rialtas.

Tá an ceart ag Goldstein gan dabht nuair a deir sé nach bhfuil muinín ag Beijing anois as an Dalái Láma, agus barúil acu nach bhfuil sé ar thóir comhréitigh a mbeidís sásta leis. Daingneofar cumhacht na Síne sa Tibéid, beag beann ar náisiúnachas áitiúil. Go fiú mura dtagann an t-aos óg leis an rialtas, tá súil ag Beijing nach féidir an t-athrú a chur ar neamhní feasta. Ach is léir anois gur beag éifeacht atá leis an mbeartas seo, toisc nach ndéanann sé ach méadú ar ghráin agus ar dhíomá na dTibéadach. Is minic ráite ag an Dalái Láma go mbeadh sé sásta glacadh le méid éigin d'fhéinrialtas seachas neamhspleáchas iomlán, ach is é an foréigean atá dultha i dtreis anois, rud a thuar Goldstein féin tamall ó shin agus é ag déanamh machnaimh ar a bhféadfadh tarlú dá ndealródh sé go raibh ag teip ar bheartas na síochána. B'fhéidir leis an bhforéigean cur as don turasóireacht, infheistíocht ón taobh amuigh a bhacadh, daoine ón tSín a chur i gcontúirt agus méadú ar an spéis atá ag an domhan mór sa scéal.

³ Féach alt a scríobh sé sa bhliain 2005 agus é le fáil mar nascán ar an suíomh thuasluaite. Tá a lán rudaí eile ann ina theannta sin, agus foclóir Tibéidise ina measc. Tá rún ag Goldstein agus ag a chomhpháirtithe graiméar Tibéidise a chur ar fáil ar líne feasta.

Ba dheacair an comhréiteach a mholann Goldstein a lochtú. Tibéadaigh liobrálacha a cheapadh mar cheannairí ar oifigí an Pháirtí agus an rialtais, go dtí go méadófaí a gcéatadán ón 70% atá anois ann go dtí 85% ar a laghad. An Tibéidis a thabhairt ar ais mar phríomhtheanga riaracháin na tíre, de réir plean a ceapadh sa bhliain 1987. Uimhir na Síneach a laghdú (níl cead cónaithe sa Tibéad ag a bhformhór) i dtreo gurb iad na Tibéadaigh féin is mó a bhainfidh leas as an dul chun cinn.

Faoi láthair ní dócha go mbeadh Beijing sásta bogadh, agus dhiúltófaí glan an Tibéid a ligean saor mar stát neamhspleách. Mar a deir a lán saineolaithe, tá gá ag an tSín leis na réigiúin is faide amach – an Mhanchúir Shíneach, an Tibéid agus eile – toisc gur ann atá na sócmhainní nádúrtha. Agus sa Tibéid atá an tsócmhainn is luachmhaire amach – foinsí na n-aibhneacha a thugann beatha don tSín. Tá na foinsí sin ag dul i laghad de bharr athrú aeráide, ach is cósúil go mbeidh an tSín ag iarraidh greim níos doichte a choinneáil orthu dá bharr. Is minic, mar sin féin, nach dtagann an tuar faoin tairngreacht.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun colger@melbpc.org.au nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au